2010

Scoláireachtaí Scoil Shamhraidh Chraobhchomórtas

DRAMA LEAGUE of IRELAND

Create Louth

Is mian le hÚdaráis Áitiúla Lú tacú le forbairt agus oiliúint daoine aonair agus grúpaí i réimse na drámaíochta. Féadfaidh scaipeadh eolais agus scileanna ar ghrúpaí drámaíochta, amharclanna óige, scoileanna, agus clubanna agus eagraíochtaí eile caighdeáin a ardú agus líon na rannpháirtithe san fhoirm ealaine seo a mhéadú.

Níl aon fhoirm iarratais ann don sparánacht seo. Ba mhór ag Údaráis Áitiúla Lú iarratais a fháil ó dhaoine ar spéis leo cur isteach ar sparánacht a chumasóidh do na daoine a fhaigheann í freastal ar Scoil Shamhraidh Chónaithe Bliantúil an Chraobhchomórtais Drámaíochta. Sa bhliain 2010, is ag Ollscoil Luimnigh a bheidh an Scoil Shamhraidh idir 31 Iúil agus 7 Lúnasa. Beidh roinnt cúrsaí ar fáil, agus gach ceann acu á theagasc ag cleachtóir gairmiúil amharclainne.
Clúdóidh an Scoláireacht iostas singil le háiseanna en-suite, béilí agus teagasc. Ní chlúdófar costais taistil. Chun iarratas a dhéanamh, ní mór don iarrthóir na nithe seo a leanas a chur chuig an Údaráis Áitiúil lena mbaineann.

(a) *Curaclam beatha suas chun dáta a léiríonn taithí an iarrthóra ar an drámaíocht, nó ar a bheith rannpháirteach in obair óige nó in obair phobail.*

(b) *Lítir shínithe ag cur isteach ar an sparánacht, a mhinionn an tslí a rachadh an scoláireacht chun tairbhe an iarrthóra, nó grúpa ar leith. Is féidir sonraí maidir leis na cúrsaí atá á dtairiscint a fháil ar láithreán Gréasáin DLI ag www.dli.ie*

Forchoimeádann Údaráis Áitiúla Lú an cheart gan an Sparánacht a bhronnadh, má chreideann siad gur mar seo ab fhearr a d'fhónfaí do leasa an Údaráis Áitiúil, na Sparánachta agus na n-iarrthóirí.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith 18 mbliana nó os a chionn an 31 Eanáir 2010. Glacfar le hiarratais suas go dtí 4.30 tráthnóna, Dé hAoine an 26 Márta, 2010.

Ní mór gach iarratas, beag beann ar sheoladh an iarrthóra i gContae Lú, a chur chuig: An Oifig Ealaíon, Comhairle Baile Dhún Dealgan, Halla an Bhaile, Sráid Crowe, Dún Dealgan, Contae Lú.